



**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**  
**State Examinations Commission**

**AN ARDTEISTIMÉIREACHT, 2012**

**SCÉIM MHARCÁLA**

**GAEILGE**

**Gnáthleibhéal**





Coimisiún na Scrúduithe Stáit  
*State Examinations Commission*

# **AN ARDTEISTIMÉIREACTH 2012**

## **SCÉIM MHARCÁLA**

### **GAEILGE**

### **GNÁTHLEIBHÉAL**

# SCRÚDUITHE TEISTIMÉIREACHTA, 2012

## GAEILGE

### ARDTEISTIMÉIREACTH, GNÁTHLEIBHÉAL

#### SCÉIM MHARCÁLA

#### GINEARÁLTA

Ní mór do na Scrúdaitheoirí Cúnta an mharcáil a dhéanamh i ndúch dearg. Ní mór dóibh na mórbotúin go háirithe a mharcáil (níl ceartú i gceist) trí líne dhearg a tharraingt fúthu.

Is cóir na marcanna a bhronntar ar fhoranna éagsúla na gceisteanna agus na bhfocheisteanna (de réir mar a áireofar ag an gComhdháil iad), a thaispeáint go soiléir san ionad cuí ar fhreagarleabhar an Iarrthóra.

#### Páipéar I (160 marc)

<b>CEIST 1</b>	<b>- CLUASTUISCINT -</b>	<b>60 MARC</b>
----------------	--------------------------	----------------

{	<b>(i)</b>	Tuiscint	=	<b>60 marc</b>	}
{	<b>(ii)</b>	Cumas Gaeilge	-	<b>(0-6) marc</b>	}
{	<b>(iii)</b>	<b>Iomlán</b>	=		}

**Cuid A: 24 marc (Eolas)**

Fógra 1: 3 marc × 4 = 12 marc

Fógra 2: 3 marc × 4 = 12 marc

**12 + 12 = 24 marc**

**Cuid B: 24 marc (Eolas)**

Comhrá 1: 3 marc × 4 = 12 mharc

Comhrá 2: 3 marc × 4 = 12 mharc

$$12 + 12 = \underline{24 \text{ marc}}$$

**Cuid C: 20 marc (Eolas)**

$$\text{Píosa 1: } 3 \text{ marc} \times 2 = 6 \text{ marc}$$

$$\text{Píosa 2: } 3 \text{ marc} \times 2 = 6 \text{ marc}$$

$$6 + 6 = \underline{12 \text{ mharc}}$$

$$\underline{24 + 24 + 12 = 60}$$

**Bainfear ó 0 go 6 ar chaighdeán na Gaeilge .**

## CUID A

### Fógra 1

Cuirfear fáilte roimh iarratais ar phost mar phríomhoide ar Scoil na mBráithre i mBaile na Lorgan, Co Mhuineacháin. Scoil mheasctha dara leibhéal í an scoil seo agus tá 355 dalta ag freastal uirthi i láthair na huaire. Ní mór d'iarrthóirí cúig bliana de thaithí mhúinteoireachta a bheith acu, chomh maith le scileanna maithe ríomhaireachta agus cumas ceannaireachta agus pleanála. Tá an fhoirm iarratais agus sonraí breise le fáil ón gCathaoirleach, An Bord Bainistíochta, Scoil na mBráithre, Baile na Lorgan. Is é an 20ú Iúil an dáta deireanach le haghaidh na n-iarratas.

### Fógra 2

Déardaoin seo caite rinneadh ceiliúradh speisialta ar Lá Eorpach na dTeangacha i músaem Bhaile an Fheirtéaraigh i nGaeltacht Chiarraí. Eagraíodh an ócáid chun léiriú a dhéanamh ar an líon mór teangacha atá á labhairt sa cheantar. Ba é craoltóir Raidió na Gaeltachta agus an t-iarpheileadóir cáiliúil, Dara Ó Cinnéide, a chuir tús leis na himeachtaí. I rith na hócáide léigh daltaí ó bhunscoileanna Chorca Dhuibhne giota as leabhar Harry Potter i gcúig theanga éagsúla. Ina dhiaidh sin thug páistí áitiúla taispeántas ar cheol agus ar chultúr na Spáinne mar tá ceangal láidir idir Corca Dhuibhne agus an Spáinn. Léadh giotaí as leagan Iodáilise den leabhar cáiliúil “An tOileánach” freisin.

### Cuid B Comhrá 1

*Máire:* An bhfaca tú an taighde a chuir Aontas na hEorpa amach an tseachtain seo caite? An ceann faoi dhearcadh daoine óga in Éirinn agus faoi cé chomh sona nó míshona is a bhíonn siad?

*Rónán:* Chonaic mé a Mháire ach níl fhios agam an bhfuil mórán fírinne ansin. Ní fhaca mise aon duine thart anseo ag cur ceisteanna ar dhaoine óga agus tá go leor daoine óga sa bhaile seo. Is cinnte nár iarr aon duine mo thuairimse.

*Máire:* Ó a Rónáin ná bí chomh diúltach sin faoin rud ar fad; tá sé spéisiúil agus tábhachtach fiú murar chuir aon duine ceist ortsa. Ar aontaigh tú le haon rud a bhí ann?

*Rónán:* Bhuel d'aontaigh mé. Is cinnte nach n-éisteann an rialtas minic go leor le daoine óga. Ba cheart go mbeadh seans ag níos mó daoine óga dul go dtí Dáil na nÓg mar shampla. Agus rud spéisiúil eile faigheann daltaí meánscoile in Éirinn níos mó obair bhaile ná aon dream eile san Eoraip.

*Maire:* Bhí a fhios agam cinnte go dtaitneodh an pointe sin leatsa a Rónáin.

*Rónán:* Céard fútsa a Mháire, céard a chonaic tusa a bhí spéisiúil dar leatsa?

*Maire:* Bhuel nach bhfuil sé spéisiúil go bhfuil daoine óga in Éirinn níos sásta ná cuid mhór de mhuintir na hEorpa; réitimid go maith lenár dtuismitheoirí, agus is maith linn an scoil. Freisin ceapann daoine óga in Éirinn go bhfuil an teaghlach agus na cairde an-tábhachtach, níos tábhachtaí ná airgead ná post mór.

*Rónán:* Sea, ach freisin bhí daoine ag gearán; cheap siad go raibh cuid den obair scoile leadránach, agus cinnte ní ceart dearmad a dhéanamh ar an ualach obair bhaile a fhaighimid gach oíche.

*Maire:* Tá míniú an-simplí faoin obair bhaile. Tá na cúrsaí fada agus tá a lán ábhar ar siúl againn; agus rud eile nach bhfuil tú ag iarraidh aird a tharraingt air: tá an lá scoile níos faide san Eoraip.

*Rónán:* Ó a thiarna ná luaigh sin. Tá an lá scoile agamsa fada go leor, óna naoi ar maidin go dtí cúig i ndiaidh a ceathair.

*Maire:* Ní gá dúinne a bheith buartha faoi sin a Rónáin; beidh tusa agus mise imithe ón scoil i gceann dhá mhí.

## **Comhrá 2**

*Pádraig:* Feicim go bhfuil scéal a shaoil foilsithe ag an laoch Oilimpeach Ronnie Delaney.

*Úna:* Is fíor sin a Phádraig, agus bhí searmanas speisialta ina onóir i gCaisleán Bhaile Átha Cliath le déanaí chun comóradh a dhéanamh ar a ghaisce sna cluichí Oilimpeacha.

*Pádraig:* Ba ar an gcéad lá de mhí na Nollag 1956 a bhuaigh sé an bonn óir sa rás 1500 méadar in Melbourne, agus chruthaigh sé curiarracht nua oilimpeach, 3 nóiméad 41.2 soicind.

- Úna:* Deirtear go bhfuil sé ar dhuine de na pearsana spóirt is cáiliúla a bhí riamh in Éirinn.
- Pádraig:* Ó ní haon ionadh é sin. Bhí an-cheiliúradh in Éirinn nuair a bhuaigh sé bonn oilimpeach. Thug sé ardú meanman do na Gaeil mar bhí Éire cráite ag an mbochtanas, ag an imirce, agus an dífhostaíocht.
- Úna:* Cár rugadh agus tógadh é?
- Pádraig:* Rugadh agus tógadh é in aice leis an Inbhear Mór i gCo Chill Mhantáin. Oifigeach sa Roinn Custaim agus Máil ba ea a athair agus nuair a bhí sé cúig bliana d’aois bhog an teaghlach go Baile Átha Cliath.
- Úna:* Conas a chuir sé suim sa lúthchleasaíocht ar dtús?
- Pádraig:* Bhuel nuair a bhí sé sa mheánscoil ghlac sé páirt i gcomórtas lúthchleasaíochta agus d’éirigh thar barr leis. Ina theannta sin bhí sé ina bhall de chlub lúthchleasaíochta ina cheantar féin.
- Úna:* Nár chaith sé tamall i Meiriceá?
- Pádraig:* Chaith go deimhin. Fuair sé scoláireacht lúthchleasaíochta go Ollscoil Villanova in Philadelphia. Tháinig feabhas iontach air ansin.
- Úna:* Gan dabht ar bith tháinig. An bonn óir buaic a shaoil mar lúthchleasaí. cén fáth ar éirigh sé as an lúthchleasaíocht agus é an-óg?
- Padraig:* Bhí mí-ádh air; ghortaigh se a chos, níor tháinig biseach ceart air agus b’éigean dó éirí as ar fad.
- Úna:* Cinnte is ábhar inspioráide i gcónaí é do lúthchleasaithe óga.

## **Cuid C**

### **Píosa 1**

Seoladh an leabhar “The Waves of Tory” leis an údar Jim Hunter in Ollscoil na Banríona Béal Feirste Dé hAoine seo caite. Is léachtóir in Ollscoil Uladh é Jim Hunter agus tá caoga bliain caite aige ag triail ar Thóraigh, ag bailiú eolais faoi shaol agus faoi chultúr an oileáin. Filleann an t-údar ar Thóraigh gach samhradh mar is daoine galánta oscailte cairdiúla iad na hoileánaigh, dar leis. Cnuasach aistí ar thraidisiúin agus ar nósanna Thóraí atá sa leabhar seo.

### **Píosa 2**

Tá Comharchumann Inis Meáin ag déanamh tairiscintí do theaghlaigh ar spéis leo aistriú ón mórthír agus cónaí go buan ar an oileán. Is é an Comharchumann é féin atá ag maoiniú an tionscnaimh, agus is í an aidhm atá leis daonra an oileáin a mhéadú. Tá an feachtas dírithe

ar theaghlaigh óga agus cuirfear tithe nua trí sheomra ar fáil dóibh ar chíos an-íseal. Cuireann an tairiscint béim ar na deiseanna a bheidh ag na teaghlaigh Gaeilge a labhairt go laethúil, agus freisin ar na háiseanna oibre agus spóirt atá ar fáil ar an oileán. Beidh daoine ábalta obair ón mbaile mar tá an córas leathanbhanda ar fáil ar Inis Meáin. Má tá spéis agat san fhógra seo glaoigh ar oifigí an Chomharchumainn ag (098) 40267.

**CEIST 2**

**- CEAPADÓIREACHT -**

**120 MARC**

Freagair do rogha **dhá cheann** de **A, B, C, D** anseo.

**I gcás A, B, C, agus D (Dhá cheann le freagairt)**

Leathleathanach nó breis:	Tasc	= 2 mharc	
	Ábhar	= 8 marc	= 50 marc × 2
	Cumas Gaeilge	= 40 marc	
			<b>= 100 marc</b>

[Cumas Gaeilge = (i) fairsinge agus saibhreas Stór Gaeilge an iarrthóra (= 40%) móide

(ii) beachtas maidir le máistreacht cruinnúsáide ar na príomhghnéithe de cheart na Gaeilge (= 50%) agus litriú (= 10%).]

**[Gearrfar pionós ar iarrthóirí mura mbeidh na hiarrachtaí ceapadóireachta ad rem.]**

**Nóta:** Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc a bhronntar as 2 (Tasc), an marc a bhronntar as 8 (Ábhar) agus an marc a bhronntar as 40 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir ag bun na n-iarrachtaí ceapadóireachta.

**[Nóta:** Maidir le ‘Gaeilge Lochtach’ a luaitear leis na ceisteanna ina dhiaidh seo:  
Lochtanna a fhaightear ar fhreagra an iarrthóra i dtaca leis na gnéithe seo a leanas:  
(i) fairsinge agus oiriúnacht Stór Gaeilge an iarrthóra, móide  
(ii) beachtas maidir le máistreacht cruinnúsáide ar na príomhghnéithe de cheart na Gaeilge.  
(i) agus (ii) sa chóimheas 40% : 60%]



**Páipéar II (200 marc)**

**CEIST 1 (A + B)**

**- LÉAMHTHUISCINT -**

**100 marc**

Freagair **A** agus **B** anseo.

**A (50 marc)**

1. (a) Cad as do thuismitheoirí Evanne Ní Choileáin  
(b) **Dhá** scoil ar fhreastail sí orthu = 10 marc
2. (a) Cineál ceoil is maith léi  
(b) An rud a rinne sí ar scoil a chabhraigh léi níos déanaí = 10 marc
3. (a) An teanga a ndearna sí staidéar uirthi ar ollscoil Bh Á C  
(b) **Dhá** chomhlacht lena bhfuair sí taithí oibre = 10 marc
4. **Dhá** phíosa eolais faoin a cuid oibre le RTÉ = 10 marc
5. (a) Na laochra is mó ina saol  
(b) An fáth a bhfuil meas mór aici ar Kieran Boland = 10 marc

[Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

**B (50 marc)**

1. (a) Cá bhfuil Dáithí ar an ollscoil anois  
(b) Cén airde é = 10 marc
2. (a) **Dhá** sport, seachas an leadóg, a d'imir sé  
(b) An áit a mbíodh sé ag traenáil agus é san Idirbhliain = 10 marc
3. (a) **Dhá** chlub leadóige ar imir Dáithí leo  
(b) Cá fhad a chaith sé i gcampa Mhoyá = 10 marc
4. (a) An fáth ar fhill Dáithí ar Choláiste Eoin  
(b) **Dhá** bhuntáiste atá ag Dáithí in Ollscoil Memphis = 10 marc
5. (a) A mbeidh ar siúl ag Dáithí an samhradh seo  
(b) An aidhm atá ag Dáithí = 10 marc

[Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

**Nóta:** Gearrfar pionós i ngeall ar iomarcaíocht . Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh. Taispeánfar go soiléir na marcanna a ghnóthaíonn iarrthóirí as an mbuneolas a aimsiú, na marcanna a bhaintear i ngeall ar an nGaeilge a bheith lochtach, agus na marcanna a bhaintear i ngeall ar iomarcaíocht san ionad cúí ar an bhfreagarleabhar.

## A - PRÓS AINMNITHE - [50 marc]

## Freagair (a) agus (b)

- (a) “Bean tí den scoth a bhí i Lisín ... Agus bhí Lisín sásta ...” *Hurlamaboc*

Tabhair achoimre ar an scéal seo. Luaigh na pointí seo:

- (i) Déan cur síos ar Lisín.
- (ii) Luaigh an gaol a bhí aici lena fear céile agus lena mic.
- (iii) Cad a bhí á cheiliúradh sa chlann?
- (iv) Cad iad na hullmhúcháin a rinne sí don cheiliúradh seo?
- (v) Conas a chaith sí a cuid ama de ghnáth?
- (vi) Luaigh fáth **amháin** ar/nár thaitin Lisín leat.

(25 mharc)

**6 phointe eolais. ( 5 mharc ar an gcéad phointe + 5 phointe eile ar 4 mharc an ceann).**

[Gaeilge lochtach: 0 – 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

- (b) “Niamh Chinn Óir is ainm dom ... is mé iníon Rí na nÓg, ... tháinig mé le grá do do mhac féin, Oisín.” *Oisín i dTír na nÓg*

Inis cad a tharla d’Oisín ina dhiaidh sin sa scéal go dtí gur fhill sé ar Ghleann na Smól.

(25 mharc)

**4 phointe eolais. (7 marc ar an gcéad phointe + 6 mharc an ceann ar trí phointe eile).**

[Gaeilge lochtach: 0 – 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

## B

## - PRÓS ROGHNACH-

[50 MARC]

## Freagair (a) agus (b)

- (a) Maidir le **sliocht as úrscéal** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair **cuntas** ar an bpríomhphearsa (bpríomhcharachtar) ann.

(23 mharc)

[Gaeilge lochtach: 0 – 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

*Ní mór teideal an úrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir.*

(2 mharc)

- (b) Maidir le **scéal béaloidis** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair **cuntas** ar na príomhimeachtaí (rudáí) a tharla sa scéal sin.

(23 mharc)

*Ní mór teideal an scéil sin a scríobh síos go soiléir.*

(2 mharc)

[Gaeilge lochtach: 0 – 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

Freagair (a) agus (b) anseo.

- (a) (i) (a) Cad as don ainmhí seo? (*Géibheann* thíos)  
 (b) Cá bhfuil an t-ainmhí anois, dar leat?  
 (c) Cad a rinne an t-ainmhí uair amháin?  
 (d) Cad a dhéanann an t-ainmhí anois? (8 marc)
- (ii) Luaigh **dhá** mhothúchán atá sa dán.  
 Déan cur síos, **i d'fhocail féin**, ar an dá mhothúchán sin sa dán. (8 marc)
- (iii) Ar thaitin an dán seo leat? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (9 marc)

[Gaeilge lochtach: 0 – 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

### Géibheann

Ainmhí mé

ainmhí allta  
 as na teochreasa  
 a bhfuil cliú agus cáil  
 ar mo scéimh

chroithfinn crainnte na coille  
 tráth  
 le mo gháir

ach anois  
 luím síos  
 agus breathnaím trí leathshúil  
 ar an gcrann aonraic sin thall

tagann na céadta daoine  
 chuile lá

a dhéanfadh rud ar bith  
 dom  
 ach mé a ligean amach

- (b) (i) (a) Conas atá an aimsir sa dán seo? (*An tEarrach Thiar* thíos)  
 (b) Cén dath a bhí ar an bhfeamainn?  
 (c) Cá bhfios duit go raibh an iascaireacht go maith?  
 (d) Cathain a d'fhill na hiascairí ar an gcladach? (8 mar)
- (ii) Luaigh **dhá** íomhá (phictiúr) atá sa dán.  
 Déan cur síos **i d'fhocail féin**, ar an dá íomhá sin sa dán. (8 marc)
- (iii) An maith leat an dán seo? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.)  
 (9 marc)

[Gaeilge lochtach: 0 – 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

**An tEarrach Thiar**

Fear ag glanadh cré  
 De ghimseán spáide  
 Sa gciúnas shéimh  
 I mbrothall lae:  
 Binn an fhuaim  
 San Earrach thiar.

Fear ag caitheamh  
 Cliabh dhá dhroim,  
 Is an fheamainn dhearg  
 Ag lonrú  
 I dtaitneamh gréine  
 Ar dhuirling bháin.  
 Niamhrach an radharc  
 San Earrach thiar.

Mná i locháin  
 In íochtar diaidh-thrá,  
 A gcótaí craptha,  
 Scáilí thíos fúthu:  
 Támh-radharc síothach  
 San Earrach thiar.

Toll-bhuillí fanna  
 Ag maidí rámha  
 Currach lán éisc  
 Ag teacht chun cladaigh  
 Ar ór-mhuir mhall  
 I ndeireadh lae;  
 San Earrach thiar.

**Nóta:** Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc don *Ábhar* agus an marc a bhaintear i ngeall ar *Ghaeilge lochtach* i gcuid (a) **agus** an marc don *Ábhar* agus don *Ghaeilge* i gcuid (b) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chuí ar an bhfreagarleabhar

<b>B - FILÍOCHT ROGHNACH - (50 marc)</b>
--

Freagair (a) agus (b) anseo.

- (a) (i) Maidir le dán nua-aimseartha **amháin** a chum **bean** agus a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, inis **i d'fhocail féin**, cad is téama don dán sin, dar leat. (8 marc)
- (ii) Roghnaigh **dhá** mhothúchán a úsáideann an file sa dán seo agus déan cur síos orthu **i d'fhocail féin**. (8 marc)
- (iii) Ar thaitin an dán leat? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth) (7 marc)  
[Gaeilge lochtach: 0 – 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]  
*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go soiléir.* (2 mharc)
- (b) (i) Maidir le dán nua-aimseartha **amháin** a chum **fear** agus a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, inis cén mothúchán is mó atá sa dán, dar leat. Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth) (8 marc)
- (ii) Roghnaigh **dhá** íomhá (phictiúr) a úsáideann an file sa dán seo agus déan cur síos orthu **i d'fhocail féin**. (8 marc)
- (iii) An maith leat an dán seo? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (7 marc)  
[Gaeilge lochtach: 0 – 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]  
*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go soiléir.* (2 mharc)

**Nóta:** Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc don Ábhar agus an marc a bhaintear i ngeall ar Ghaeilge lochtach i gcuid (a) agus an marc don Ábhar agus don Ghaeilge i gcuid (b) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chúí ar an bhfreagarleabhar.

## Socruithe Réasúnta

*Tugadh an treoir seo a leanas do na scrúdaitheoirí ar fad:*

Níor mhiste do gach Príomhscrúdaitheoir Comhairleach gach a leanann seo a chur in iúl do na Scrúdaitheoirí Comhairleacha. Níor mhiste do na Scrúdaitheoirí Comhairleacha é seo a leanas a chur in iúl dá Scrúdaitheoirí:

Sa chás go dtagann Scrúdaitheoir trasna ar script a bhaineann le hiarrthóir a ndearnadh socruithe réasúnta dó/di sna scrúduithe:

- níor mhór don Scrúdaitheoir a chur in iúl dá Scrúdaitheoir Comhairleach go bhfuil a leithéid de script le marcáil aige/aici
- caithfidh an Scrúdaitheoir Comhairleach a mhíniú don Scrúdaitheoir go bhfuil gach gné den scéim mharcála faoi mar atá leagtha amach le cur i bhfeidhm ó thaobh mharcáil na scrípte de ach amháin nach mbeidh an litriú ná gnéithe áirithe den ghramadach san áireamh
- míneoidh an Scrúdaitheoir Comhairleach don Scrúdaitheoir go mbeifear ag déanamh fiosruithe ina thaobh seo lena chinntiú go bhfuil an scéim mharcála á cur i bhfeidhm ag an Scrúdaitheoir ina leithéid de chás faoi mar ba cheart.



